



# Seirbhísí Airgeadais: dúshlán agus ionchais – Tuarascáil forbhreathnaithe

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Tá béim leagtha ag an ngéarchéim airgeadais le déanaí ar na dúshlán tromchúiseacha atá os comhair earnáil seirbhísí airgeadais na hEorpa. Céard iad na hionchais go dtiocfaidh tionscal airgeadais inmharthana níos athléimní chun cinn as an ngéarchéim? Déanann an tuarascáil seo athbhreithniú ar na treoictá geilleagracha sna tionscail bhaincéireachta agus árachais agus ar an díospóireacht maidir le rialachán na margaí airgeadais. Scrúdaíonn sí na samhlacha gnó a chuirtear i bhfeidhm i ndeighleoga éagsúla den earnáil airgeadais mar fhreagra ar an ngéarchéim. Ar deireadh, forbraíonn sí cnámha scéil don phróiseas oiriúnaithe féideartha de chuid earnáil seirbhísí airgeadais na hEorpa. Rinneadh an taighde trí chás-staidéir ar réimse cuideachtaí san earnáil, suirbhé ar líne agus agallaimh le saineolaithe ó chuideachtaí, comhpháirtithe sóisialta, institiúidí taighde agus údarásí phoiblí agus anailís mionsonraithe ar ráitis chuideachta agus sonraí airgeadais.

### Comhthéacs beartais

Ní dócha go bhfuil deireadh leis an tsraith geiteanna atá ag eascairt as leochaileacht na mbanc. Beidh éifeacht diúltach ag rioscaí mainneachtana méadaitheacha i margaí eastáit réadaigh, margaí táirgí agus i measc banc san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe ar shócmhainní baincéireachta agus ar fhás geilleagrach. Mar thoradh air sin, léiríonn na cnámha scéil scoir uile atá forbartha ag an gCoimisiún Eorpach céim idirlinne ina mbeidh fás íseal nó diúltach fiú. Ar an taobh dearfach, tá tús curtha le hathchóirithe rialála agus tá an neamhchinnteacht maidir lena scóip agus treoirlaghdaithe ag faomhadh úrnua ó Sheanad SAM de 'Bhille Leasúcháin Wall Street', agus ag an gcinneadh tógtha ar chistí fáilaithe a rialáil, agus ar shaincheisteanna eile, san Aontas Eorpach. Leanann an díospóireacht ar fud an domhain ar chreat rialála domhanda, áfach, faoi mar a bhí beartaithe ag rialtais G20.

### Príomhthátail

Mar fhreagra ar an ngéarchéim, tá a gcuid samhlacha gnó curtha in oiriúint ag cuideachtaí airgeadais, ag díriú ar láidreachtaí a ngnó lárnaigh. Féadfar próiseas déghiarála (aisíocaíocht fiach) suntasach a bhreathnú i mbaincéireacht phríobháideach ach go háirithe. Tá iarracht déanta ag roinnt banc príobháideach a ngníomhaíochtaí miondíola agus tráchtála a leathnú, ach d'fhill siad ar bhaincéireacht infheistíochta nuair a léirigh na margaí caipitil deiseanna maithe. Tá athstruchtúrú déanta ar bhainc faoi úinéireacht stáit, atá mar chuid de chlár tarthála phoiblí, trí ghníomhaíochtaí imeallacha agus rioscúla a dhíol. Tá feabhas curtha ar uirlisí measúnaithe riosca agus tá cóimheasa cothromais méadaithe. Tá clár chomhordaithe deisithe ag laghdú suntasacha agus tá brabús á dhéanamh arís i gcodanna móra de ghnó.

Tá an brabús seo á dhéanamh ar chostas poist a ghearradh siar go suntasach áfach. I 2009, gearradh siar ar thart ar 10% de phoist i mbainc faoi úinéireacht stáit (thart ar 5% sna bainc príobháideacha a ndearnadh suirbhé orthu). Sna bainc chomhoibritheacha a ndearnadh scrúdú orthu, laghdaíodh fostaíocht faoi 1%. Níor méadaíodh líon na bpost ach i gcuideachta árachais amháin agus i mbanc 'eiticíuil'. Cé nach gcruthaíonn na cás-staidéir íomhá iomlán de na forbairtí fostaíochta san earnáil, léiríonn siad an tionchar a bhí ag athstruchtúrú san earnáil ar líon na bpost.

Rinne tromlach na gcuideachtaí athchóiriú ar a gcórais luacha saothair do bhainisteoirí agus bróicéirí infheistíochta, ag nascadh ioncaim le feidhmíocht ghnó ar feadh roinnt blianta. Tríd is tríd, tá laghdú tagtha ar mhéid na mbónas – maidir le tuarastail seasta – agus tá íocaíochtaí iarchurtha faoi idir trí agus ceithre bliana. Bronntar céatadán suntasach de bhónais anois i bhfoirm scaireanna cuideachta. Tá

éifeacht na n-athruithe seo ar iompraíocht infheistíochta agus ar fhothionn riosca fós le breathnú.

In ainneoin roinnt treochtaí ginearálta a chomhroinnt, léiríonn samhlacha gnó na gcuideachtaí airgeadais difríochtaí suntasacha. Féadfar iad a rangú de réir trí chur chuige éagsúil. Déanann grúpa banc 'liobrálach' amháin, cistí infheistíochta agus idirghabhálaithe eile brabúis arda ó leabhair thrádála agus trádáil dhílisithe. Agus iad ag cur a n-oibríochtaí gnó in oiriúint do dhálaí margaidh nua, déanann siad iarracht fós leanúint lena gcuid straitéise dírithe ar bhrabús, ag leagan béime ar mhionathruithe amháin sa chreat rialála.

Tá an dara grúpa de 'bhainc faoi úinéireacht stáit', a tháinig faoi rialú an stáit le linn na géarchéime, ag tabhairt aghaidh ar athstruchtúrú dian anois. Ní mór dóibh dul i dtuairim ar chaillteanais suntasacha sna leabhair thrádála chomh maith leis na straitéisí gnó a athreorú i dtreo gnó miondíola agus tráchtála lárnaigh. Bíonn tionchar láidir ag maoirseoireacht phoiblí ar an bpróiseas athstruchtúraithe ach soláthraíonn sí buntáistí tábhachtacha chomh maith i bhfoirm ráthaíochtaí stáit.

Déantar cur síos ar an tríú grúpa mar 'inbhuanaithe', de bharr go leanann na hinstiúidí seo straitéisí gnó fadtéarmacha le níos lú gearála agus spriocanna brabúis nach bhfuil chomh huailmhianach. Ní raibh an grúpa seo bainteach go mór le margaí airgeadais nua agus mar sin ní raibh ach mionchailleanais aige ó laghdúithe sócmhainne. Baineann codanna de na bainc taisce agus na bainc chomhoibritheacha leis an ngrúpa seo, chomh maith leis na bainc 'eiticíúla' nua atá ag teacht chun cinn agus formhór na gcuideachtaí árachais.

## Cnámha scéil don todhchaí

Bunaithe ar na cinntí thuas, forbraíodh trí chnámh scéil oiriúnaithe féideartha le haghaidh earnáil airgeadais na hEorpa.

### Is ionann an t-am atá thart agus an todhchaí

Glacann na cnámha scéil seo leis go bhfuil na gníomhaithe móra láidir go leor le cinntiú nach ndéantar athchóiriú ollmhór ar an gcóras airgeadais. Léirmhíntear an ghéarchéim de ghnáth mar charnadh de chúinsí neamhfhabhracha seachas mainneachtain sistéamach. Ligeann sé seo do bhainc 'liobrálacha' leanúint lena gcuid straitéisí dírithe ar bhrabús fad is a éireoidh leis an deighleog 'inbhuanaithe' a suíomh a choimeád, cé nach ndéanfaidh sí leathnú suntasach. Beidh bainc 'faoi úinéireacht stáit' faoi bhrú agus iad ag tabhairt aghaidh ar neart méadaitheach na mbanc 'liobrálach', agus déanfaidh rialtais iarracht a gcuid rannpháirtíochta in instiúidí dá leithéid a laghdú. Glacann na cnámha scéil leis go bhféadfar géarchéim airgeadais bhreise a sheachaint le mionchoigeartuithe rialála amháin agus go soláthróidh baincéireacht miondíola agus tráchtála go leor cobhsaíochta.

## Ord domhanda nua do mhargaí airgeadais

Sna cnámha scéil seo tagann na rialtais G20 ar chomhaontú maidir le hathchóiriú bunúsach ar an gcóras airgeadais domhanda i Nollaig 2010. Áirítear san athchóiriú cóimheasa cothromais níos airde agus bunaithe ar riosca, scaradh na baincéireachta infheistíochta ó bhaincéireacht miondíola agus tráchtála, cur faoi bhráid pleananna réitigh ('uachtanna maireachtála') - ag na gníomhaithe móra ar a laghad - agus monatóireacht éifeachtach. Laghdóidh cur chun feidhme na rialacha seo buntáistí iomaíochta na mbanc liobrálach agus cruthófar suíomh i bhfad níos fearr do na cuideachtaí inbhuanaithe agus dóibh sin atá faoi úinéireacht stáit. Beidh cóimheasa cothromais níos airde ríthábhachtach don chineál athchóirithe seo, a mbeidh idirthréimhse fada agus deacair ag teastáil uaidh.

### Geilleagracha comhroinnte

Glacann na cnámha scéil seo leis nach féidir an ghéarchéim airgeadais a rialú. Cuirfidh rátaí mainneachtana méadaitheacha agus buiséid phoiblí ró-ualaithe iallach ar roinnt rialtas i limistéar an euro dliteanais a ghearradh faoi idir 20% agus 30% agus sraith bhanc a réiteach – iad a dhúnadh nó a náisiúnu. Feidhmeoidh cláir dhéine i dtíortha na hEorpa mar ualach breise ar fhíorgheilleagracha agus cruthóidh boilsciú méadaitheach i Stáit Aontaithe Mheiceiceá agus sa Ríocht Aontaithe tuilleadh éagothroime. Tuarann na cnámha scéil go dteipfidh rialachán idirnáisiúnta na margaí airgeadais, agus dá bhrí sin leanfaidh grúpa bainisteoirí agus gairmithe atá dírithe go láidir ar bhrabús agus fás ag dul i mbun amhantraíochta agus arbatráiste gearrthéarma, le tacaíocht ó roinnt tíortha ag tairiscint margaí airgeadais liobrálacha. Cuirfidh roinnt codanna den sochaí in aghaidh an cur chuige seo, a chuirfidh tús le forbairt ar gheilleagracha áitiúla bunaithe ar líona. Tíocfaidh cur chuigí nua bunaithe ar 'mhicrorgánaigh' seachas macra-institiúidí chun cinn de bharr critic bhunúsach de gheilleagracha domhandaithe.

Tuarann na cnámha scéil uile laghdú breise ar fhostaíocht san earnáil airgeadais. Beidh sé seo níos déine sa tríú cnámh scéil. Beidh brú láidir sna cnámha scéil go léir áfach, i leith coigiltis chostais a ghnóthú, fad is a sholáthróidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide scóip le haghaidh méaduithe táirgiúlachta leanúnaigh. Is é an modh is fearr chun comhphlé sóisialta a fhorbairt, sna cnámha scéil uile, ná de réir boinn tuisceana an dara ceann ('ord domhanda nua').

### Tuilleadh faisnéise

Tá an tuarascáil *Seirbhísí Airgeadais: dúshlán agus ionchais* [Financial services: challenges and prospects] – ar fáil ag <http://www.eurofound.europa.eu/emcc/content/source/eu10001a.htm>

Radoslaw Owczarzak, Bainisteoir Taighde  
[row@eurofound.europa.eu](mailto:row@eurofound.europa.eu)